

An tSraith Shóisearach do Mhúinteoirí

Tá an tSraith Shóisearach do Mhúinteoirí ann chun spreagadh, tacaíocht agus cumhacht a thabhairt do mhúinteoirí agus Oideachas na Sraithe Sóisearaí in Éirinn a athrú ó bhonn.



Na hEalaíona i nGearrscannáin na Sraithe Sóisearaí

Tionscnamh nua seolta ag na hEalaíona sa tSraith Shóisearach - **[Aoine na Scannán!](#)** Craolfar gearrscannáin le healaíontóirí agus dearthóirí ó gach cearn den tír. Táthar ag súil go spreagfaidh siad seo fiosracht, agus go bhfeabhsóidh siad an chruthaitheacht le scoláirí i do sheomra ranga féin.



'Ailtireacht' ón tSraith Ealaíona á gCur i nGníomh an chéad scannán a bheas ann. Tá Gráinne agus Nicola ó Ailtirí Stiúideo Dearg le fáil ann. Tá an scannán iomlán agus Treoir do Mhúinteoirí ar fáil [anseo](#).



Is féidir leat fanacht cothrom le dáta le gach rud a bhaineann le hEalaíona sa tSraith Shóisearach ag www.artsinjuniorcycle.ie agus ar Twitter [@JuniorCycleArts](https://twitter.com/JuniorCycleArts)



Fáilte

Fáilte chuig Nuachtlitir Ghrafaice Jct4 Samhradh 2021. San eagrán seo, déanfaimid machnamh ar an mbliain atá imithe agus beimid ag féachaint ar na nuashonruithe is déanaí agus ar fhorbairtí nua do mhúinteoirí Grafaice.

2020/2021 - Athbhreithniú bliana

D'éascaigh foireann Ghrafaice Jct4 48 ceardlann i mbliana. Ina measc bhí 33 croí-chnuasimeacht FGL agus 15 ceardlann roghnacha. San iomlán, bhuail muid le 2177 múinteoir le linn na n-imeachtaí seo. Tá roinnt tacaí nua forbartha againn freisin, ar féidir iad a fháil sa **[phóstaer atá nasctha thíos a](#)** thugann léiriú grafach den bhliain atá imithe. Gabhaimid buíochas leis na múinteoirí ar fad a rinne na himeachtaí seo an-tarraingteach do gach duine a bhí rannphairteach.

Croí-FGL Ghrafaice do 2020/2021

Le linn mhí an Mhárta agus mhí Aibreáin, bhuail foireann Ghrafaice Jct4 le 1235 múinteoir sa spás ar líne thar 33 ceardlann. Dhírigh na ceardlanna seo ar scileanna a fhorbairt do Mheasúnuithe Rangbhunaithe (MRBna) sa Ghrafaic, ag iniúchadh measúnú leanúnach do gach foghlaiméoir agus ag plé le hacmhainní forbartha Jct4. Tá gach ábhar ceardlainne FGL ó 2020/2021 ar fáil [anseo](#).

Nuashonruithe tábhachtacha

Le déanaí, rinneadh nuashonrú tábhachtach do mhúinteoirí maidir le scoláirí, Measúnuithe Rangbhunaithe a chur i gcrích, atá faoi láthair sa 2ú bliain in 2020/2021. Tá an doiciméad ábhartha, arna fhoilsiú ag an CNCM, nasctha thíos.

[“Socruithe athbhreithnithe chun Measúnuithe Rangbhunaithe a chur i gcrích le haghaidh scoláirí atá sa dara bliain in 2020/2021 \(cohórt scoláirí 2019 – 2022\)”](#)

Tugtar nuashonruithe tábhachtacha sa doiciméad seo maidir le MRB 1 agus leagtar amach ann freisin dátaí sealadacha do MRB 2 sa chéad bhliain acadúil eile. Léirítear tábla na ndátaí do MRB 2 in 2021/2022 thíos.

Dátaí tábhachtacha don Mheasúnú Rangbhunaithe 2


Scoláirí sa tríú bliain in 2021/2022 (cohórt scoláirí 2019 – 2022)

Measúnú Rangbhunaithe 2 i dTeicneolaíocht Fheidhmeach, Innealtóireacht, Grafaic agus Teicneolaíocht Adhmaid (niachtanach)

An dáta deiridh chun é a chur i gcrích	Dé hAoine, 8 Deireadh Fómhair 2021
An dáta deiridh a mbronnfaidh an múinteoir tuairisceoirí sealadacha	Dé hAoine, 15 Deireadh Fómhair 2021
An dáta deiridh chun an tAthbhreithniú ar Fhoghlaim agus ar Mheasúnú Ábhair a chur i gcrích agus an dáta deiridh a mbronnfaidh an múinteoir tuairisceoirí deiridh	Dé hAoine, 22 Deireadh Fómhair 2021

An Scéal go dtí seo – Dearcadh Múinteora


D'óstáil foireann Ghrafaice Jct4 seimineár gréasáin ar 20 Aibreán. Ag an seimineár gréasáin seo pléigh painéal múinteoirí a dtaití féin ar shonraíocht Ghrafaic na Sraithe Sóisearaí a chur i bhfeidhm ina seomraí ranga. [Is féidir teacht ar an taifeadadh iomlán](#) agus ar na hábhair ghaolmhara go léir ón seimineár gréasáin ach cliceáil ar an íomhá thíos.



Gabhaimid buíochas ó chroí le Ciarán agus le Peadar araon sa páirt a ghlacadh sa seimineár gréasáin seo.

Póstaer Mo Thuras Foghlama

Leagtar amach sa chabhair a forbraíodh le déanaí roinnt de na céimeanna tábhachtacha ar thuras foghlama an scoláire trí Ghrafaic na Sraithe Sóisearaí. Is féidir an póstaer seo a phriontáil i réimse méideanna agus tá teacht air ar an suíomh gréasáin againn ach cliceáil ar an íomhá thíos.



Chun fanacht ar an eolas leis na tarluithe go léir i spás Grafaice Jct4, cláraigh [lenár liosta](#) seachadta agus le fotha Twitter [@Jct4ed](#)



@Jct4ed



Cabhair sceitseála Jct4

D'fhorbair foireann Ghrafaice Jct4 acmhainn sceitseála a d'fhéadfadh múinteoirí a úsáid mar chabhair fhéinstiúrtha, agus / nó a úsáid le scoláirí chun scileanna ábhair a fhorbairt trí sceitseáil. Áirítear sa taca seo, 20 físeán teagaisc, leabhrán gníomhaíochta 22 leathanach agus sraith d'fhoirmeacha digiteacha (leaganacha Microsoft agus Google ar fáil).



Seoladh an taca seo le linn an tseimineáir ghréasáin '[An Scéal go dtí seo – Dearcadh an Mhúinteora](#)' a bhfuil a mhionsonraithe ar thaobh na láimhe clé. Is é an stampa ama seo a leanas an t-am a ndéantar iniúchadh ar an acmhainn sceitseála mar chuid den seimineár gréasáin seo: [19:42 - 29:30](#)



Deiseanna foghlama

Is mian linn i gcónaí a bheith ar an eolas maidir le láithreáin ghréasáin agus leis na teicneolaíochtaí is déanaí a bheadh ina n-ábhair spéise do scoláirí atá ag déanamh staidéar ar an nGrafaic. Ba mhaith linn anseo aird a tharraingt ar thionscnamh na *nEalaíon sa tSraith Shóisearach* – Aoine na Scannán, a d'fhéadfadh plé a thosú maidir le scileanna a bhaineann leis na torthaí foghlama seo a leanas i nGrafaic na Sraithe Sóisearaí.

[Dearadh Troscáin](#) – Torthaí foghlama – 2.6 & 2.10

[Dearadh Táirgí](#) – Torthaí foghlama – 1.8 & 3.5

[Gaibhneacht Gheal](#) – Torthaí foghlama – 2.8 & 3.8

Ag breathnú i dtreo 2021/2022

Bliain stairiúil do Ghrafaic na Sraithe Sóisearaí a bheas sa bhliain acadúil 2021/2022 mar go mbeidh múinteoirí agus scoláirí araon ag plé le MRB 2, tionscadal CSS agus an scrúdú deiridh den chéad uair. Tá ábhair FGL á bhforbairt ag foireann Ghrafaice Jct4 faoi láthair do 2021/2022. Beidh an sceideal FGL againn ag tosú go luath agus mar sin coinnigh bior ar na súile le haghaidh comhfhreagrais ón bhfoireann. Mholfaimis do gach múinteoir Grafaic clárú leis an [liosta seoltaí](#) chun fanacht ar an eolas maidir leis na himeachtaí go léir. Má tá aon duine de do chomhghleacaithe nach bhfuil cláraithe ar an liosta seoltaí poist seo, mholfaimis dóibh é sin a dhéanamh.

Ba mhaith linn buíochas a ghabháil freisin leis na múinteoirí Comhlacha againn go léir a chuaigh i dteagmháil linn agus a d'fhorbair obair ar mhaithe le FGL le bliain anuas. Mar fhocal scoir, ba mhaith linn buíochas a ghabháil leis na múinteoirí go léir a d'fhreastail ar an FGL againn le bliain anuas agus guímid gach rath oraibh, in éineacht le bhur dteaghlai agus bhur gcairde, briseadh suaimhneach samhraidh slán sábháilte agus tá súil againn sibh go léir a fheiceáil arís sa bhliain acadúil nua.

Kind regards,
The Jct4 Graphics team



An tSraith Shóisearach do Mhúinteoirí
JuniorCYCLE
for teachers